Sraith Pictiúr 3

Bhí mé ar mo bhealach abhaile ón scoil lá amháin le mo chara Peadar. Bhí muid ag siúl cois abhann, agus ag caint agus ag gáire linn. Shocraigh muid ar dhul isteach san abhainn chun snámha. Bhí a fhios againn go raibh sé dáinséarach, mar bhí comhartha cois abhann. Ach bhí fonn snámha orainn, agus ní raibh mé ag iarraidh dul abhaile go fóill.

Go tobann, lig Peadar béic as. Bhí sé i mbaol san uisce. Bhí eagla an domhain orm go mbáfaí é. Ní raibh mise ábalta cuidiú, mar bhí an t-uisce ró-gharbh. Bhí muid i bponc ceart! Ach, buíochas le Dia, tháinig fear a bhí ag iascaireacht i mbád chun cuidiú. Bhí mé breá sásta é a fheiceáil, tá mé ag rá leat!

Tharraing sé Peadar isteach sa bhád, agus thóg sé é go bruach na habhann. Bhí daoine ann ag faire ar an eachtra chun cuidiú leis, buíochas le Dia. Ní dhéanfaidh mé dearmad ar an lá sin go deo na ndeor agus ní rachaidh mé ag snámh in áit bhaolach arís choíche!